An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Cláir Foghlama Leibhéal a Dó (CFL2nna) agus Oideachas Ionchuimsitheach do Mhatamaitic na Sraithe Sóisearaí

## Leabhrán Acmhainní


Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

## FGL féinstiúrtha maidir le hIonchuimsiú agus Cláir Foghlama Leibhéal 2

Fáilte chuig an FGL féinstiúrtha seo ar Chláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2nna) agus oideachas ionchuimsitheach i Matamaitic na Sraithe Sóisearaí. Tá ceithre chuid ag an acmhainn seo. Sa chéad chuid tugtar deis duit machnamh a dhéanamh ar roinnt cleachtais ionchuimsitheacha a d'úsáid tú chun an curaclam a dhéanamh níos inrochtana do scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu agus chun foghlaim faoi struchtúr agus faoi ghnéithe CFL2nna. Breathnaítear i roinn 2 ar roinnt de na ceisteanna coitianta a chuirtear maidir le CFL2nna trí thráth na gceist idirghníomhach. Tugann roinn a trí deis scrúdú a dhéanamh ar aonad foghlama atá deartha le haghaidh cur chuige ionchuimsitheach maidir le torthaí foghlama a cheangal ó ATFanna Leibhéal 2 agus ó Shonraíocht Mhatamaiticiúil Leibhéal 3, agus chun tasc staitisticí a iniúchadh atá ag teacht leis an bpríomhfhoghlaim, measúnú leanúnach agus fianaise ar fhoghlaim leagtha amach san aonad. I roinn a ceathair tugtar isteach na prionsabail maidir le Dearadh Uilíoch um Fhoghlaim (UDL) agus tá tuilleadh acmhainní ar UDL mionsonraithe.

## Taithí ar Ionchuimsiú Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu



# Aonad Foghlama: Giniúint agus Anailís Sonraí

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

**Tabhair faoi deara gur dearadh an t-aonad samplach foghlama seo ar mhaithe le forbairt ghairmiúil múinteoirí. Is féidir an t-aonad seo a úsáid le haghaidh breithniú aonair agus / nó plé roinne.**

| | |
|---|---|
| **Coincheap:** | Giniúint agus Anailís Sonraí<br><br>Agus sonraí barántúla in úsáid agat, fiosraigh foinsí agus feidhmchláir fhéideartha sonraí, achoimrí samplála, léirithe agus staitistiúla chun cur síos a dhéanamh ar shonraí, sonraí a chur i gcomparáid agus iad a idirghaolú, nuair is infheidhme. Déanfar tagairt don Timthriall um Fhiosrú Staitistiúil ar fud an aonaid. |
| **Comhthéacs an Scoláire:** | Dearadh an t-aonad seo do rang-ghrúpa sa tsraith shóisearach ar beag an bhaint a bhí acu nó nach raibh aon bhaint acu leis na torthaí foghlama ó shnáithe 1 na Sonraíochta Matamaitice, Staitisticí agus Dóchúlacht. Mar sin féin, bheadh roinnt reamhfhoghlama ag scoláirí i dtaca le giniúint agus anailís sonraí ó churaclam na bunscoile. |
| **Torthaí Foghlama (L3):** | SD3 (a-h), CT1, U1(e), A2, A6, A13 |

**Torthaí Foghlama (L2):**

Uimhearthachta

- 2.39 - Sainaithin cuir chuige bhunúsacha maidir le bailiú sonraí, m.sh. leatháin taifid, córas scóir
- 2.40 – Bailigh réimse sonraí agus ceann de na nithe seo a leanas in úsáid agat: suirbhé, leatháin taifid, córas scóir nó taifid chlosamhairc.
- 2.41 – Léirmhínigh sonraí bunúsacha dhá chritéar (m.sh. níos mó / níos lú nó aicme amháin seachas aicme eile, níos airde / níos ísle)

Cumarsáid agus Litearthacht

- 1.21 – Bain úsáid as réimse cineálacha éagsúla scríbhneoireachta chun freastal ar chuspóir agus ar lucht féachana

**Príomhfhoghlaim:**

- Ba cheart go mbeadh an scoláire in ann an gá atá le garmheastachán agus slánú a thomhas go cruinn agus a thuiscint i gcomhthéacs fadhbanna ón bhfíorshaol
- Ba chóir don scoláire foghlaim faoi chéimeanna Fiosrú Staitistiúil (An t-imscrúdú a dhearadh, an athróg spéise a aithint, na sonraí a eagrú agus a bhainistiú, agus achoimrí sonraí a anailísiú agus a léirmhíniú)
- Ba chóir don scoláire a thuiscint go mbeidh tionchar ag na cinntí a dhéanann sé i gcéim phleanála an Timthrialla um Fhiosrú Staitistiúil (m.sh. cad iad na hathróga agus / nó cé mhéad acu atá le tomhas) a mbeidh tionchar acu ar na céimeanna eile den timthriall (m.sh. lochtanna agus mí-úsáidí)
- Ba chóir do scoláirí a thuiscint gur modh cumarsáide i staitisticí é sonraí a léiriú i bhfoirm ghrafach
- Ba cheart go mbeadh scoláirí in ann údar a thabhairt lena rogha athróg agus lena léirithe grafachaStudents should be able to justify their choice of variables and graphical representations
- Ba cheart do scoláirí tosú ar a gcuid scileanna a fhorbairt i ndearadh staitistiúil agus fócas ar leith acu ar cheisteanna a chumadh
- Ba cheart go dtuigfeadh scoláirí an fheidhm atá le tomhais an lárchlaonta agus an raoin

www.jct.ie

**Measúnú Leanúnach**

- An féidir le scoláirí a rogha, i gcomhthéacsanna éagsúla, i leith garmheastachán agus slánú deachúil a roghnú agus a chosaint?
- An féidir le scoláirí athróga i gceisteanna staitistiúla a aithint?
- An féidir le scoláirí a oibriú amach cé acu athróga atá spleách agus neamhspleách, agus straitéisí tomhais a aithint?
- An féidir le scoláirí tomhais an lárchlaonta agus an raoin a ríomh go cruinn agus go cuí?

**Fianaise ar Fhoghlaim CFL2**

- Tarlóidh plé ranga faoi mhodhanna bailithe sonraí ó am go ham le linn an aonaid. Ní mór ceistiú (scríofa / ó bhéal) a úsáid agus a thaifeadadh i bpunann an scoláire mar fhianaise ar fhoghlaim do 2.39
  - Is féidir fianaise don toradh foghlama seo a bhailiú le linn ceachtanna éagsúla.
- Ní mór taifead de na sonraí a bhailítear a choinneáil i bhformáid éigin lena gcur san áireamh i bpunanna na scoláirí mar fhianaise ar fhoghlaim do 2.40
  - Beidh deis ann méid láimhe na scoláirí a thaifeadadh le linn an taisc, Imscrúdú Méid Láimhe.
  - Beidh deis ann na hamanna freagartha a thaifeadadh le linn an taisc, Amanna Freagartha.
- Beidh deiseanna ann le linn an aonaid chun sonraí catagóireacha agus uimhriúla a phlé le linn ceachtanna éagsúla.
  - Bileog Oibre A (Tasc ar Imscrúdú Méid Láimhe) a choinneáil i bpunann an scoláire mar fhianaise ar fhoghlaim do 2.40.
  - Is féidir le scoláirí amanna freagartha a chur i gcomparáid le linn an taisc, Amanna Freagartha. Is féidir taifead den chomparáid a choinneáil i bpunann an scoláire mar fhianaise ar fhoghlaim do 2.40.
- Ba chóir do scoláirí léaráid nó tábla a úsáid chun a gcuid smaointeoireachta a chur in iúl.
- Iarrtar ar scoláirí barrachairt de shonraí bailithe a tharraingt le linn an taisc, Imscrúdú Méid Láimhe. Is gá an bharrachairt seo a choimeád i bpunann an scoláire mar fhianaise ar fhoghlaim do 1.21.

  Nóta: D'fhéadfadh níos mó fianaise ar chineálacha éagsúla scríbhneoireachta a bheith ag teastáil le haghaidh ábhair eile ar Leibhéal 3 nó le haghaidh ceachtanna sonracha Leibhéal 2 chun freastal ar riachtanais 1.21

**Eispéireas Foghlama**

- Tasc ar Imscrúdú Méid na láimhe
- www.cso.ie & *https://censusatschool.ie/about/*
- Amadóir freagartha (Mata | Ceardlanna FGL | Ceardlann FGL 2019/2020 | An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (jct.ie))

Bain úsáid as an spás seo chun do chuid smaointe a thaifeadadh

# Méid Láimhe a Imscrúdú

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

## Giniúint agus Anailís Sonraí

Méid Láimhe a Imscrúdú

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

1

## Nótaí do Mhúinteoir: Sonraí an Taisc

Cuireann an múinteoir an tasc seo i láthair scoláirí agus na sleamhnáin sa chur i láthair seo in úsáid aige.
Beidh roinnt acmhainní ag teastáil ó scoláirí roimh an tasc.
Orthu sin, áirítear iad seo a leanas
- rialóirí
- cóip den phóstaer Timthriall um Fhiosrú Staitistiúil
- Bileog Oibre Fianaise ar Fhoghlaim CFL2 do scoláirí atá ag tabhairt faoi CFL2

*Tá naisc chuig póstaer An Timthriall um Fhiosrú Staitistiúil agus chuig an mbileog oibre ar fáil ar an gcéad sleamhnán eile.*

Tabhair faoi deara go mbeadh roinnt réamhfhoghlama ag scoláirí a bhíonn ag plé leis an ngníomhaíocht seo i réimse an tomhais.

2

## Nótaí do Mhúinteoir: Acmhainní Scoláirí Gaolmhara

Phóstaer Timthriall um Fhiosrú Staitistiúil



Nasc don Phóstaer Timthriall um Fhiosrú Staitistiúil

Bileog Oibre Fianaise ar Fhoghlaim CFL2



Nasc don Bhileog Oibre Fianaise ar Fhoghlaim CFL2

3

**Intinní Foghlama:**

- Táimid ag foghlaim faoin Timthriall um Fhiosrú Staitistiúil
- Táimid ag foghlaim faoi mheán, airmheán agus mód

**Critéir ratha a d'fhéadfadh a bheith ann:**

- Is féidir liom mo chuid smaointeoireachta agus oibre a dhoiciméadú agus céimeanna an Timthrialla um Fhiosrú Staitistiúil in úsáid agam
- Is féidir liom na cinntí a dhéanaim le linn an imscrúdaithe a mhíniú

4


**An bhfuil na lámha den mhéid céanna ag gach duine?**



**Déan comparáid idir méid do láimhe agus lámh an scoláire in aice leat**


5

**Cad iad na tomhais a d'úsáid tú chun méid láimhe a chur i gcomparáid?**




6

**Cén tairbhe a bhainfeadh le méid láimhe daoine a thaifeadadh?**




| Tomhas | Méid lámhainne |
|---|---|
| Suas go 7.5" | An-bheag |
| Idir 7.5" agus 8" | Beag |
| Idir 8" agus 8.5" | Meánach |
| Idir 8.5" agus 9" | Mór |
| Os cionn 9" | Ollmhór |




How to work your glove size out.

Measure around the largest part of your hand, passing over your knuckles, whilst making a fist, but exclude the thumb

| Glove Size | Small | Medium | Large | X Large |
|---|---|---|---|---|
| Hand Size (cms) | 18 - 21.5 | 20 - 24 | 23 - 26.5 | 25.5 - 29 |
| Hand Size (inches) | 7 - 8.5 | 8 - 9.5 | 9 - 10.5 | 10 - 11.5 |

LADIES GLOVE SIZE GUIDE

Measure the length from the base of your palm to the tip of your middle finger to check your size.




7

**An bhfuil próiseas ann ar féidir linn é a úsáid chun an mhéid láimhe mheánach, airmheánach agus mhódach atá ag scoláirí laistigh den ghrúpa ranga a aimsiú?**

Smaoinigh ar an méid seo a leanas:
- Conas is féidir linn lámha gach duine a thomhas?
- Conas is féidir linn na sonraí seo a bhailiú?
- Conas is féidir linn comparáid a dhéanamh idir na sonraí a bhailímid?
- Conas is féidir linn anailís a dhéanamh ar na sonraí a bhailímid?


**Timthriall an Fhiosrúcháin Staidrimh**





8




9




10




11



12



13



14

Bain úsáid as an spás seo chun do chuid smaointe a thaifeadadh

# Treoirlínte Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

Soláthraíonn www.cast.org léargas ginearálta ar Dhearadh Uilíoch don Fhoghlaim. Agus tú ag féachaint ar an bhfíseán níor mhiste pointí eolais nó pointí plé a bhreacadh síos.

| **Ilmhodhanna Rannpháirtíochta** |
|---|
| |
| **Ilmhodhanna ionadaíochta** |
| |
| **Ilmhodhanna Gníomhaíochta agus Léirithe** |
| |

# Treoirlínte Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim

| Cad é atá ag obair go maith i mo sheomra ranga faoi láthair? |
|---|
| |
| **Conas a d'fhéadfainn DUF a chur isteach i mo chleachtas sa seomra ranga?** |
| |
| **Conas a d'fhéadfainn DUF a chur isteach i mo chleachtais mheasúnaithe?** |
| |

Notaí: